

Scéimeanna Tacaíochta Pobail
2021 – Foirm Iarratais



Community Support Schemes
2021 – Application Form

Forbairt Chultúir

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Cultural Development

Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith

This form is also available in large print

Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge

AINM NA hEAGRÁÍOCHTA IS IARRATASÓIR:
(Ainm dleathach do Ghrúpa / d'Eagraíocht)

Forbairt Chultúir: cuir tic (✓) sa chatagóir a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith:

A. Deontais faoin Acht Ealaíon	<input type="checkbox"/>
B. Deontais Oidhreachta	<input type="checkbox"/>
C. Gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a Chur Chun Cinn	<input type="checkbox"/>

Daingnigh go bhfuil na rudai thíos luaite baint insteach le d'iarratais:

Foirm Iarratais agus í comhlánaithe agus sínithe	Tá <input type="checkbox"/>	
Fianaise ar Uimhir thagartha cánach nó uimhir charthanachta (CHY), ag taispeáint ainm dleathach do Ghrúpa / d'Eagraíocht.	Tá <input type="checkbox"/>	
Cóip de Ráiteas Baince nó Ráiteas Comhair Creidmheasa cothrom le dáta	Tá <input type="checkbox"/>	
Cóip de Pholasáí Árachais Dlíteanais Phoiblí le deimhniú slánaithe do Chomhairle Chontae na Gaillimhe	Tá <input type="checkbox"/>	
Mheastachán i leith seirbhísí/oibreacha i gcás ina bhfuil an maoiniúchán atá á lorg níos mó ná €500	Tá <input type="checkbox"/>	
Cruthúnas ar Úinéireacht/Theideal nó toilithe i scríbhinn le haghaidh oibreacha ar thalamh/fhoirgnimh	Tá <input type="checkbox"/>	Neamhbhainteach <input type="checkbox"/>
Aon toilithe reachtúla atá ag teastáil le haghaidh na n-oibreacha	Tá <input type="checkbox"/>	Neamhbhainteach <input type="checkbox"/>
CV aon ealaíontóra ghairmiúil atá bainteach leis an iarratas ar Dheontas Ealaíne	Tá <input type="checkbox"/>	Neamhbhainteach <input type="checkbox"/>
Iarratasóirí ar Dheontais Ealaíne: Ábhar poiblíochta, bróisiúir phriontáilte, bileoga eolais nó cláir a ullmháodh roimhe seo	Tá <input type="checkbox"/>	Neamhbhainteach <input type="checkbox"/>

NÍ DHÉANFAR BREITHNIÚ AR IARRATAIS NEAMHIOMLÁNA NÓ DHÉANACHA.

Is féidir leat an t-iarratas comhlánaithe a thíolacadh ar cheann amháin de na modhanna seo a leanas:

Le ríomhphost chuig: communitygrants@galwaycoco.ie (is é seo an modh is fearr linn chun iarratais a fháil – sínigh an fhoirm ar dtús, déan leagan scanta de ansin & agus cuir chugainn le ríomhphost í agus na doiciméid tacaíochta go léir in éineacht léi).

Sa bpost chuig: DEONTAIS PHOBAIL, An Rannóg Forbartha Pobail, Tuaithe agus Eacnamaíochta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Is é an dáta deiridh chun glacadh le foirmeacha iarratais comhlánaithe ná 4.00 p.m. Déardaoin an 25 Feabhra 2021.

Don Oifig Amháin:

An Dáta a Fuarthas an Iarratas: _____ más iarratas cáilithe é, Uimh. Thag. a sannadh: _____

Seirbhísí Custaiméara Chomhairle Chontae na Gaillimhe – Caighdeán agus seachadadh seirbhísí custaiméara a fheabhsú
Galway County Council Customer Services – To enhance quality customer services and delivery

ROINN 1: MIONSONRAÍ FAOIN IARRATASÓIR

Ainm na hEagraíochta is Iarratasóir: (<u>an t-ainm céanna</u> leis an ainm atá cláraithe chun críocha cánach)	
Seoladh na hEagraíochta is Iarratasóir:	
Mionsonraí ar líne na hEagraíochta is Iarratasóir: (Láithreán Gréasáin, Facebook, Twitter, Meáin Shóisialta Eile)	
An bhfuil d'Eagraíocht cláraithe leis an PPN?	Tá <input type="checkbox"/> Uimh. Chlár. _____ Níl <input type="checkbox"/>
An Grúpa/Eagraíocht neamh-bhrabúis atá i gceist?	Is ea <input type="checkbox"/> Ní hea <input type="checkbox"/>
Stádas Dlíthiúil do Ghrúpa/d'Eagraíochta:	
Má tá an grúpa/eagraíocht cláraithe i gcomhair cánach/CBL, tabhair d'Uimh. Thagartha Cánach agus d'uimhir rochtana imréitigh r-chanach.	
Más carthanas cláraithe atá i gceist, tabhair d'Uimhir Chláraithe Carthanais, le do thoil.	
An líon iomlán Ball ar Choiste/Bhord an Ghrúpa/na hEagraíochta:	
An líon ball foirne de chuid do Ghrúpa/d'Eagraíochta a fhaigheann íocaíocht: An líon oibríthe deonacha i do Ghrúpa/d'Eagraíocht:	Lánaimseartha - Lánaimseartha -
Ainmneacha Teagmhála le haghaidh comhfhreagrais: (Tabhair ainmneacha teagmhála príomha agus cúltaca, le do thoil)	1. 2.
An Post sa Ghrúpa/san Eagraíocht?	
Seoltaí ríomhphoist le haghaidh Comhfhreagrais:	
Uimhreacha Teileafóin le haghaidh Comhfhreagrais:	
Cén ceantar bardasach a bhfuil an t-iarratas ar mhaoiniúchán á dhéanamh chuige?	Baile Átha an Rí-Órán Mór <input type="checkbox"/> Béal Átha na Sluaghe <input type="checkbox"/> Conamara <input type="checkbox"/> Baile Locha Riach <input type="checkbox"/> Tuaim <input type="checkbox"/> Uile-chontae <input type="checkbox"/>

Cur síos ar aon imeacht atá beartaithe:

Ainm an Imeachta/Tionscadail:	
Dátaí an Imeachta/Tionscadail:	
Costas ar rannpháirtithe (más ann):	
Suíomh an Imeachta/Tionscadail (cuir Eircode san áireamh):	
Meastachán ar an líon daoine a bheidh sa Lucht Féachana/Éisteachta nó Meastachán ar an líon Rannpháirtithe:	
An bhfuil daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois bainteach leis an tionscadal/imeacht? Má tá, cuir bhur mBeartas maidir le Cosaint Leanáí ar fáil, le do thoil.	

ROINN 2(A): MIONSONRAÍ FAOIN nGNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

Cén cineál Grúpa/Eagraíochta atá i gceist?	Grúpa Gairmiúil <input type="checkbox"/> Grúpa Amaitéarach/Pobail <input type="checkbox"/>
Cé acu seo a leanas is fearr a dhéanann cur síos ar an gcineál ealaíne atá i gceist?	Traidisiúnta <input type="checkbox"/> Amharc-Ealaíona <input type="checkbox"/> Amharclann <input type="checkbox"/> Litríocht <input type="checkbox"/> Ceol <input type="checkbox"/> Damhsa <input type="checkbox"/> Scannánaíocht <input type="checkbox"/> Eile <input type="checkbox"/> _____

Déan cur síos gearr ar aidhmeanna an Ghrúpa agus ar na príomh-ghnóthachtálacha atá bainte amach: (100 focal)

Déan cur síos, le do thoil, ar an imeacht/togra ealaíne atá beartaithe agus sonraigh na príomhthuilleánais ealaíne a bhaineann leis (má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniúchán chun trealamh a cheannach, daingnigh, le do thoil, conas atá an trealamh bainteach go díreach le cur i gcrích an imeachta) (300 focal).

Conas a rannchuideoidh an t-imeacht le cuspóirí an Achta Ealaíon 2003 atá leagtha amach sna Treoirínte.

Tabhair léiriú ar an méid seo a leanas, le do thoil: (a) an sprioc-lucht féachana/éisteachta agus (b) cé a thairbheoidh ón imeacht/tionscadal seo? (100 focal)

Conas a rachaidh an deontas seo chun tairbhe d'fhorbairt ealaíne do ghrúpa/d'eagraíochta? (100 focal)

Céard iad na bearta atá curtha i bhfeidhm agat lena chinntiú go gcomhlíonann do thogra tionscadail bearta sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19?

Ainm aon Ealaíontóra Ghairmiúil atá bainteach leis an tionscadal (tabhair CV, le do thoil, mar aon le mionsonraí teagmhála)

An bhfuil Deimhniú 'Coinnigh Sábháilte' ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte acu (tá sé seo infheidhme má tá daoine óga bainteach leis an imeacht nó leis an tionscadal)?

An bhfuil árachas dliteanais phoiblí agus árachas pearsanta acu? Mura bhfuil, an slánóidh an t-iarratasóir iad ar feadh ré an tionscadail (más infheidhme)?

Tá Níl

Slánóidh Ní shlánóidh

ROINN 2(B): MIONSONRAÍ FAOIN nGNÍOMHAÍOCHT OIDHREACHTA

Cén chatagóir oidhreachta a bhfuil baint ag do Ghrúpa léi?	Oidhreacht Nádúrtha <input type="checkbox"/>	Oidhreacht Fhoirgnithe <input type="checkbox"/>
Déan cur síos ar ghníomhaíochtaí oidhreachta do Ghrúpa agus tabhair liosta, póintí le hurchair, de bhur ngnóthachtálacha go dtí seo, le do thoil.	•	

Déan cur síos ar bhur dtionscadal faoin gcuispóir oidhreachta iomchuí thíos (má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniúchán chun trealamh a cheannach, daingnigh, le do thoil, conas atá an trealamh bainteach go díreach leis an tionscadal nó leis an imeacht):

<p>A. Eolas a bhailiú agus a chomhroinnt e.g. maoiniúchán le haghaidh suirbhéanna, pleananna nó taighde <input type="checkbox"/></p> <p>Cén t-ábhar a bhfuil taighde á dhéanamh ina leith agus conas a rannchuideoidh an taighde le bainistiú agus le cosaint na hoidhreachta áitiúla? Conas a bheartaíonn sibh a bheith rannpháirteach leis an bpobal i gcoitinne le linn an tionscadal a chur i gcrích?</p> <p>B. Méadú a dhéanamh ar fheasacht, ar thuiscint agus ar rannpháirtíocht ó thaobh gníomhaíochtaí oidhreachta de e.g. imeachtaí, foilseacháin, gníomhaíochtaí na Seachtaine Oidhreachta etc. <input type="checkbox"/></p> <p>Conas a rannchuideoidh an t-imeacht/an foilseachán/an ghníomhaíocht leis an gcuispóir oidhreachta thuas? Conas a chuirfidh sibh an t-imeacht/an foilseachán/an ghníomhaíocht chun cinn agus cén sprioc-lucht féachana/éisteachta atá i gceist? Conas a dhéanfar rath an tionscadail a thomhas?</p> <p>C. Ár n-oidhreacht a bhainistiú agus a chosaint e.g. maoiniúchán do thionscadail/d'oibreacha agus do threalamh gaolmhar <input type="checkbox"/></p> <p>Cad iad na hoibreacha oidhreachta atá beartaithe agus conas a chosnóidh siad, agus a chaomhnóidh siad, an oidhreacht áitiúil? Conas a dhéanfar na hoibreacha a chothabháil tar éis iad a chur i gcrích? Cén uair a chuirfear i gcrích iad?</p>	
--	--

Céard iad na bearta atá curtha i bhfeidhm agat lena chinntiú go gcomhlíonann do thogra tionscadail bearta sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19?	
---	--

ROINN 2(C): MIONSONRAÍ FAOI GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CHUR CHUN CINN NA GAEILGE

Cá mhéad duine a bheidh páirteach san imeacht/sa tionscadal?

Déan cur síos ar aidhm/chuspóir do Ghrúpa agus tabhair liosta, póintí le hurchair, de bhur bpríomh-ghnóthachtálacha go dtí seo, le do thoil:

-

Déan cur síos ar an sprioc-ghrúpa atá i gceist, le do thoil, agus ar an ngá atá sainaitheanta mar rud a dtabharfar aghaidh air tríd an ngníomhaíocht atá beartaithe chun an Ghaeilge a Chur Chun Cinn:

-

Déan cur síos, le do thoil, ar an imeacht atá beartaithe agus sonraigh conas a dtabharfaidh sé aghaidh ar an ngá sin (má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniúchán chun trealamh a cheannach, daingnigh, le do thoil, conas atá an trealamh bainteach go díreach le cur i gcrích an imeachta):

Conas a dhéanfaidh an t-imeacht (a) eolas ar an nGaeilge a mhéadú; (b) deiseanna a chruthú chun an Ghaeilge a úsáid; nó (c) dearcadh dearfach a chothú i leith úsáid na Gaeilge.

Conas a dhéanfar tionchar an imeachta seo ar úsáid na Gaeilge sa cheantar áitiúil/ag an sprioc-ghrúpa a choimeád ar bun?

Céard iad na bearta atá curtha i bhfeidhm agat lena chinntiú go gcomhlíonann do thogra tionscadail bearta sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19?

ROINN 3: MIONSONRAÍ AIRGEADAIS

Tabhair miondealú ar chaiteachas agus ioncam le haghaidh an tionscadail a bhfuil maoiniúchán á lorg ina leith - má tá iarratas á dhéanamh ar chúnamh deontais ar fiú €500 nó níos mó é, ní mór mheastachán a thabhairt mar thacaíocht leis na costais measta.

Mír(eanna) C(h)aiteachais:	Méid:	Foinse (Foinsí) Ioncaim:	Méid:
-	€	-	€
-	€	-	€
-	€	-	€
-	€	-	€
-	€	-	€
-	€	-	€
-	€	-	€
Caiteachas Iomlán ar na hoibreacha/an imeacht atá beartaithe:	€	An tIoncam Iomlán i leith na n-oibreacha/an imeachta atá beartaithe:	€
An méid maoiniúcháin atá á iarraidh faoin Scéim seo:	€		
An méid Maoiniúcháin atá ar láimh de réir an Ráitis is déanaí de chuid an Chuntais Bainc/Comhair Creidmheasa (cuir an ráiteas sin i gceangal leis seo):	€		

An bhfuil aon mhaoiniúchán nó aon chúnamh deontais eile faighte ag do Ghrúpa/d'Eagraíocht ón gComhairle, ó Ghníomhaireacht nó ó Roinn le bliain anuas? Má tá, tabhair mionsonraí, le do thoil:	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>

An bhfuil aon mhaoiniúchán bailithe agaibh trí imeachtaí áitiúla bailithe airgid nó trí urraíocht le bliain anuas? Má tá, tabhair mionsonraí, le do thoil:	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>

An bhfuil an togra seo ina chuid d'fhorbairt céimnithe nó de phleananna mórsála? Má tá, tabhair mionsonraí, le do thoil:	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>

ROINN 4: ADMHÁIL AGUS DEARBHÚ

Má éiríonn leis an iarratas, conas a thabharfaidh do Ghrúpa/d'Eagraíocht admháil i leith na ranníocaíochta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe?

Féilte/Imeachtaí **AMHÁIN**: an aontaíonn tú na ceanglais shonracha seo a leanas a chomhlíonadh?

- Achoimre ar an imeacht & grianghraf a chur chuig community@galwaycoco.ie lena n-uaslódáil chuig Féilire Imeachtaí na Comhairle
- Cuireadh a thabhairt do Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus/nó do Chathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh iomchuí freastal ar an bhféile/imeacht.

- Aontaíonn
- Ní aontaíonn
- Aontaíonn
- Ní aontaíonn

Thar ceann ár nEagraíochta, daingním an méid seo a leanas:

1. Tá na Téarmaí & na Coinníollacha is infheidhme maidir leis an maoiniúchán seo léite agam agus go dtuigim iad.
2. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar san iarratas seo, agus an fhaisnéis go léir a thugtar in aon doiciméid tacaíochta, fíor agus cruinn.
3. Aontaím gur féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis a phróiseáil agus í a nochtadh do thríú páirtithe más gá sin chun cistí a riaradh, chun measúnú a thuirisciú agus ar mhaithe le hiniúchadh, agus toilím, thairis sin, go bhféadfaidh na páirtithe sin an fhaisnéis sin (ainm na heagraíochta is iarratasóir, méid an deontais a thugtar, mionsonraí faoin bhféile/imeacht a dtugtar maoiniúchán ina leith) a nochtadh a mhéid a bhaineann le margú nó cur chun cinn an mhaoiniúcháin seo.
4. Daingním go bhfuil clúdach dóthanach cuimsitheach árachais againn le haghaidh ár gcuid gníomhaíochtaí agus aontaím Comhairle Chontae na Gaillimhe a shlánú.
5. Tuigim gur próiseas comórtais atá i gceist agus aontaím glacadh leis an gcinneadh a éireoidh as measúnú m'iarratais mar chinneadh críochnaitheach.
6. Daingním go bhfuil na beartais chuí go léir i bhfeidhm againn:
 - a) Clúdach dóthanach cuí árachais le haghaidh ár gcuid gníomhaíochtaí
 - b) Beartas Cosanta Leanáil i gcás ina bhfuil leanaí/daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois bainteach lenár ngníomhaíochtaí
 - c) Beartais eile a bhaineann lenár nGrúpa/nEagraíocht: _____

Ní mór don Chathaoirleach, don Rúnaí nó don Chisteoir an Dearbhú seo a shíniú thar ceann na hEagraíochta is iarratasóir:

Ainm (i mbloclitreacha):	
Síniú:	
An Post san Eagraíocht is iarratasóir:	
Dáta	

Critéir Mheasúnachta maidir le Deontais faoin Acht Ealaíon

Cáilíocht	Tuillteanas ealaíne agus cáilíocht an chleachtais ealaíon atá á léiriú sa togra
Tionchar	A mhéid a spreagfaidh an togra spéis sna healaíona i measc an phobail; a mhéid a sholáthrófar eolas, tuiscint agus cleachtas ó thaobh cúrsaí ealaíon de; agus a mhéid a chuirfear feabhas ar chaighdeán réimse na n-ealaíon sa Chontae.
Acmhainneacht	Taithí cruthaithe, gnóthachtálacha ealaíne roimhe seo, feidhmíocht roimhe seo maidir le maoiniúchán a fuarthas.
Inbhuanaitheacht & Forbairt	Indéantacht ó thaobh Cúrsaí Airgeadais agus ó thaobh an Tionscadail de. Tairbhe an deontais d'fhorbairt ealaíne an Ghrúpa.
Comhoibriú agus Uilechuimsitheacht	An leibhéal uilechuimsitheachta sóisialta i gclár na n-imeachtaí, agus an leibhéal rannpháirtíochta ó thaobh an phobail i gcoitinne de i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa/na hEagraíochta.

Critéir Mheasúnachta maidir le Deontais Oidhreachta

Cáilíocht	Cáilíocht an togra agus an leibhéal riachtanais sa phobal áitiúil a bhfuil aghaidh á thabhairt air, agus ailíniú le beartais áitiúla agus náisiúnta.
Tionchar	A mhéid a bhaileoidh agus a chomhroinnfidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe eolas: a mhéid a mhéadófar feasacht, tuiscint agus rannpháirtíocht ó thaobh gníomhaíochtaí oidhreachta de; a mhéid a dhéanfar ár n-oidhreacht a bhainistiú agus a chosaint.
Acmhainneacht	Taithí cruthaithe, gnóthachtálacha roimhe seo, feidhmíocht roimhe seo maidir le maoiniúchán a fuarthas.
Inbhuanaitheacht & Forbairt	Indéantacht ó thaobh Cúrsaí Airgeadais agus ó thaobh an Tionscadail de. Tairbhe an deontais d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair agus do chur chun cinn na hoidhreachta áitiúla sa cheantar.
Comhoibriú agus Uilechuimsitheacht	An méid uilechuimsitheachta sóisialta atá ann i gclár na n-imeachtaí. Leibhéal chaidreamh agus rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí na Seachtaine Oidhreachta.

Critéir Mheasúnachta maidir le Deontais do Ghníomhaíochtaí Gaeilge

Cáilíocht	Cáilíocht an togra agus an leibhéal riachtanais sa phobal áitiúil a bhfuil aghaidh á thabhairt air, agus ailíniú le beartais áitiúla agus náisiúnta.
Tionchar	A mhéid a mhéadóidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe eolas ar an nGaeilge, a mhéid a chruthófar deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid, a mhéid a chothófar dearcadh dearfach i leith úsáid na Gaeilge.
Acmhainneacht	Taithí cruthaithe, gnóthachtálacha roimhe seo, feidhmíocht roimhe seo maidir le maoiniúchán a fuarthas.
Inbhuanaitheacht & Forbairt	Indéantacht ó thaobh Cúrsaí Airgeadais agus ó thaobh an Tionscadail de. Tairbhe an deontais d'fhorbairt na Gaeilge go háitiúil sa cheantar.
Comhoibriú agus Uilechuimsitheacht	An leibhéal uilechuimsitheachta sóisialta i gclár na n-imeachtaí, agus an leibhéal rannpháirtíochta ó thaobh an phobail i gcoitinne de i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa/na hEagraíochta.

Do thuilleadh eolais: Scéimeanna Tacaíochta Pobail, An Rannóg Forbartha Pobail, Tuaithe agus Eacnamaíochta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh. H91 H6KX	Further information: Community Support Schemes, Economic, Rural and Community Development Department, Galway County Council, County Hall, Prospect Hill, Galway. H91 H6KX	T. (091) 509521 communitysupportscheme@galwaycoco.ie www.gaillimh.ie www.galway.ie
---	--	---